# Féile Bia – Oirthear na Gaillimhe

Cuirfear fáilte Uí  Cheallaigh roimh an phobal an deireadh seachtaine seo a bheith rannpháirteach san Fhéile Bia Oirthear na Gaillimhe a bhéas ag teacht ar ais go Baile Locha Riach agus é ar siúl ag Otharlann Naomh Breandáin, Satharn 19 Meitheamh idir 12.00 agus 5.00.

Is í seo an dara uair a bhéas an fhéile seo ar siúl agus í in ómós do Stoney Brennan, carachtar áitiúil a crochadh toisc gur ghoid sé tornapa fadó, fadó. Tá sé mar aidhm ag an fhéile spotsolas a léiriú ar chaighdean an bhia atá ar fáil go háitiúil, sult a bhaint as ceol is béaloideas an cheantair agus gach duine ag ceiliúradh uathúlacht na háite. Cuirfear fáilte roimh chách chuig an cheantar álainn seo cois locha faoi scáth Shliabh Eachtaí.

Ba cheart go mbeidh deis ag gach duine sult a bhaint as rogha gach bia, taitneamh a bhaint as cheol, filíocht agus béaloideas an cheantair agus spraoi iontach do theaghlaigh ar siúl i rith an lae. I measc na himeachtaí beidh fulacht ann ar son 'Enable Ireland', ceolchoirm ina mbeidh ceol, drámaíocht is amhránaíocht ann. Beidh timpeall 20 seastán ann i rith an lae ina mbeidh torthaí, glasraí, rogha breá bia, ceirdeanna, taispeántas cócaireachta is eile. Beidh caisleáin súgartha, aghaidheanna péinteáilte agus suíomh picnice curtha ar fáil.

Beidh Banna Ceoil Ghaelscoil Riabhach, Boiler House Ceilí Band, Aisteoirí Riabhacha, Helen Hayes, Eddie Lenihan (seanchaí), Joe Burke is Ann Conroy Burke i measc na haíonna speisialta a bhéas ag cur siamsaíochta ar fáil i rith an lae.

Is féidir le daoine seastán a eagrú go fóill nó páirt a ghlacadh i gcomórtas chócaireacht aráin ach teagmháil a dhéanamh le 087 9296163.

Ba mhaith leis an choiste eagraithe a mbuíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge agus Fóram Pobail agus Deonach Chontae na Gaillimhe go háirithe agus lena lucht urraithe ar fad a thacaigh go mór leis an imeacht seo a reachtáil;  Supervalu, Gaeilge Locha Riach, Fáilte Ireland agus Il Porcetto.

Saorchead isteach chuig na himeachtaí ar fad.... cuimhnítear go dtosaíonn an ceolchoirm @ 12.00. Má tá éinne ag iarraidh a thuilleadh eolais i dtaobh Féile Bia Oirthear na Gaillimhe, tá gach fáilte teagmháil a dhéanamh le eastgalwayfoodfestival@gmail.com nó 087 9296163.

# East Galway – Food Festival

## Féile Bia – Oirthear na Gaillimhe

This weekend, everyone will be given a great welcome back to Loughrea to the East Galway Food Festival taking place at St. Brendan's Home Saturday 19th June 12.00 – 5.00 p.m.

This will be the second time that this festival has been organized and it shall honour the memory of Stoney Brennan, a local character that was hung for stealing a turnip long ago. The festival aims to highlight the quality of locally-produced food, to enjoy the music and folklore of the district as everyone is invited to celebrate the uniqueness of this beautiful lakeside area under the shadow of the majestic Slieve Aughty mountains.

Everyone should have the opportunity to enjoy the fine selection of foods, enjoy the music and folklore of the area and the family entertainment throughout the day. Among the events organized, there will be a Bar-b-que in aid of 'Enable Ireland', a concert celebrating music, drama and song of the area. There will be about 20 stalls providing a wide range of fruit, vegetables, fine foods and crafts. Also, bouncy castles, face painting and a picnic area will also be available.

Among the special guests providing entertainment throughout the day will be - Banna Ceoil Ghaelscoil Riabhach, Boiler House Ceilí Band, Aisteoirí Riabhacha, Helen Hayes, Eddie Lenihan (storyteller), Joe Burke and Ann Conroy Burke.

A stall can still be organized or people can enter the bread making competition by contacting 087 9296163.

The organizing committee would like to give a special thanks to Foras na Gaeilge and Galway County Community and Voluntary Forum and to all their sponsors that have supported the organization of this event; Supervalu, Gaeilge Locha Riach, Fáilte Ireland and Il Porcetto.

Note that the concert begins @ 12.00 and that admission to all events is free. If anyone wishes further information about The East Galway Food Festival, you are welcome to contact eastgalwayfoodfestival@gmail.com or 087 6797801.

*Joe Burke and Ann Conroy Burke*